CINNEADH (AE) 2023/717 ÓN gCOMHAIRLE

An 28 Márta 2023

lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Málta, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas Mhálta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe comhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 26 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/511 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Anthony MIFSUD a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas Mhálta Anthony CHIRCOP, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *President, Reġjun Lvant* (Uachtarán, Réigiún an Oirthir), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Anthony CHIRCOP, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach, *President, Reġjun Lvant* (Uachtarán, Réigiún an Oirthir), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 28 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. BUSCH

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/511 ón gComhairle an 26 Márta 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 113, 8.4.2020, lch. 18).